

Treo an Pholasaí sa Todhchaí maidir le

Díolúintí ó Staidéar ar an nGaeilge

Aighneacht arna haighniú ag SEALBHÚ: Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge

An Dr Colin Flynn

An Dr Laoise Ní Thuairisg

An Dr Uáitéar Mac Gearailt

Colm Ó Ciardubháin

An tOllamh Ciarán Mac Murchaidh

An tOllamh Pádraig Ó Duibhir

An Dr Bernadette Ní Áingléis

An Dr Pádraig Ó Liatháin

An tOllamh Máirín Nic Eoin

An Dr Joe Travers

An Dr Aisling Ní Dhiorbháin

An Dr Gearóidín Uí Laighléis

Réamhrá

Fáiltímid roimh an deis seo comhairle a chur ar an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le treo an pholasaí as seo amach maidir le díolúintí ó staidéar ar an nGaeilge. Táimid buíoch den Roinn as an eolas a cuireadh ar fáil sna páipéir chomhairliúcháin agus as an anailís ar threochtaí atá ar fáil i dThuarascáil Taighde na Cigireachta, *Athbhreithniú ar Bheartas agus Cleachtas maidir le Díolúintí ó Staidéar na Gaeilge* (Iúil 2018). Tá an aighneacht seo bunaithe ar réimsí saineolais agus taighde na mball atá páirteach in SEALBHÚ: Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge. Dírímid inti ar cheithre ghné den ábhar go háirithe: 1. Oiriúnacht choincheap na díolúine i gcás oideachais teanga; 2. Critéir maidir le díolúintí ar staidéar ar an nGaeilge a bhronnadh; 3. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na gCiorclán; Foghlaim teanga agus an dátheangachas. Críochnaímid ansin le Tatal agus moltaí.

1. Oiriúnacht choincheap na díolúine i gcás oideachais teanga

Is léir ó na páipéir chomhairliúcháin, ó Thuarascáil Taighde na Cigireachta (2018) agus ó thaighde Mhuiris Uí Laoire (2013) nach bhfuil córas na ndíolúintí mar atá sé á chur i bhfeidhm i scoileanna na tíre faoi láthair ag feidhmiú go sásúil. Ceapadh an polasaí le cuidiú leis na daltaí ba leochailí sa chóras, páistí le deacrachtaí foghlama tromchúiseacha de bharr éagumais nó easord sainaitheanta, nó páistí inimirceach a raibh dúshlán bhreise le sárú acu agus iad ag socrú isteach i gcóras oideachais coimhthíoch. Tuigeann an Roinn gur i gcásanna annamha agus eisceachtúla amháin ba chóir díolúintí a bhronnadh agus aontaímidne leis sin. Níor mhór sainmhíniú agus comhthuisicint bheacht a bheith ar fáil faoi cad atá i gceist le cás annamh nó

eisceachtúil, áfach, ag cur san áireamh go bhfuil glacadh go forleathan le prionsabail na héagsúlachta agus na hilghnéitheachta – agus an gá atá le difreálú agus cur in oiriúint curaclaim do shainriachtanais foghlaimeoirí – i ngach comhthéacs oideachais anois.

D'fhéadfaí cás a dhéanamh ar son díolúine i gcás páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu atá casta, ar nós míchumas foghlama ginearálta trom, roinnt páistí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta meánach acu, agus páistí a bhfuil neamhord trom urlabhra agus teanga acu. Cés moite de na cásanna annamha agus eisceachtúla seo, a mbeadh idir 2% agus 3% den phobal scoile ar a mhéad i gceist leo, níl aon fhianaise nó bunús ann sa taighde náisiúnta nó idirnáisiúnta a thacódh le díolúine ó staidéar ar an nGaeilge. Léiríonn an taighde a bhfuil an aighneacht seo bunaithe air an tairbhe atá le baint as foghlaim an dara teanga do gach páiste eile. Taispeánann líon na ndaltaí a bhfuil díolúine acu ó staidéar ar an nGaeilge agus a dhéanann staidéar ar theangacha eile san iar-bhunscoil (63.2-74.1%) nach bhfuil a leithéid de rud ann agus sainmhíchumas foghlama teanga, pointe a luafar arís thíos. Ní ghlacaimid mar sin le haon cheann de na hargóintí i bhfabhar leathnú a dhéanamh ar an rochtain ar dhíolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge a leagtar amach sa pháipéar comhairliúcháin (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2018b).

Chuireamar suntas ar leith ina bhfuil ráite sa pháipéar comhairliúcháin maidir le leathnú na socruithe maidir le díolúine a bhí á gcur i bhfeidhm i scoileanna speisialta amháin anuas go dtí na 1970idí go dtí an córas príomhshrutha trí chéile:

Ag an tús, cuireadh é sin i bhfeidhm i scoileanna speisialta ach, ó na 1970aidí i leith, mar gheall ar dhul chun cinn a bheith ag teacht ar ár dtuiscint ar na RSO [riachtanais speisialta oideachais] agus i gcomhréir le beartas na Roinne maidir le hionchuimsiú, tugadh isteach córais fhoirmiúla a cheadaigh díolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge do roinnt scoláirí i scoileanna príomhshrutha (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2018: 3).

Glacaimid leis gurb é seo an bonn atá faoi chóras na ndíolúintí mar atá sé á chur i bhfeidhm faoi láthair. Níl sé i gcomhréir, áfach, leis an tuiscint reatha ar an dátheangachas a luaitear sa pháipéar comhairliúcháin agus a phléitear go mion i rannóg 4 thíos. Léiríonn formhór an taighde na buntáistí a bhaineann le hoideachas dátheangach agus is í an fhianaise maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ná go mbaineann siadsan tairbhe freisin as foghlaim an dara teanga. I gcomhréir le beartas na Roinne maidir le hionchuimsiú, mar sin, níor mhór níos mó tacaíochta a thabhairt do chur chuige d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a chuimsíonn prionsabail ionchuimsitheacha, dearadh uilíoch don fhoghlaim agus idirdhealú (Florian & Linklater 2010; Meyer, Rose & Gordon 2014). Is í an aidhm ba cheart a bheith ann ná a chinntiú go mbeadh gach dalta in ann rochtain a fháil ar oidhreacht shaibhir na Gaeilge ina gcuid oideachais ag an leibhéal cuí dóibh.

Ós rud é go bhfuil líon na ndíolúintí méadaithe as éadan le blianta beaga anuas, ba ghá go mbeadh aon chur chuige nua bunaithe ar norm staitistiúil éigin faoi cén céatadán den ghnáthphobal scoile i dtír ar bith a mbeadh riachtanais foghlama 'eisceachtúla' acu. Is ríleir ón anailís staitistiúil agus ó fhaisnéis síceolaithe agus múinteoirí go bhfuil bearna tuisceana ollmhór idir lucht polasaí oideachais ar thaobh amháin agus tuismitheoirí agus daltaí áirithe ar an taobh eile maidir le feidhm an churaclaim agus ionad an dara teanga ann. Má chreideann an

Roinn Oideachais agus Scileanna i mbunphrionsabail an oideachais teanga agus i mbuntáistí an dátheangachais, mar atá siad rianaithe in iliomad staidéar náisiúnta agus idirnáisiúnta (féach: Angela Gallagher-Brett (2014) agus na staidéir atá pléite in Harris & Ó Duibhir (2011), mar shampla), is léir go gcreideann go leor tuismitheoirí gur míbhuntáiste oideachasúil é foghlaim an dara teanga nó gur buntáiste é an deis foghlama teanga sin a bhaint den pháiste. Níor mhór dul i ngleic ar bhonn práinne leis an mbearna tuisceana sin, rud a mhol Muiris Ó Laoire (2013) go sonrach ag deireadh a thuarascála siúd ar fheidhmiú na díolúine sna hiar-bhunscoileanna. Tá castacht mhór bhreise ann i gcomhthéacs na bunscoile, ar ndóigh, áit a bhfuil curaclam comhtháite teanga á chur i bhfeidhm agus prionsabal an chomhtháite fite fuaite trí mhúineadh na n-ábhar uile.

Mar thír, táimid tar éis glacadh le prionsabal an ionchuimsithe agus tá moladh mór ag dul don ghlúin tuismitheoirí a throid ar son cearta oideachais a gcuid páistí le riachtanais speisialta. Tá polasaí an ionchuimsithe agus an phríomhshruthaithe faoi bhagairt, áfach, ag an nóisean nach féidir le páistí le riachtanais speisialta déileáil ar chor ar bith leis an dara teanga nó gur buntáiste oideachasúil atá ann dóibh croí-ábhar curaclaim – agus ábhar atá in ainm is a bheith á chomhtháthú le hábhair uile an churaclaim ag an mbunleibhéal – a cheilt go hiomlán orthu. Tá taighde fairsing ann a léiríonn nach bhfuil a leithéid de rud ann agus ‘míchumas foghlama teanga’ ann féin (féach: Sparks 2009; Sparks 2016; Wight 2015; Tynan 2018, mar shampla). Go deimhin, léiríonn taithí pháistí na Gaeltachta agus taithí na nglúnta inimirceach go mbíonn páistí ar gach leibhéal cumais in ann an dara agus an tríú teanga a fhoghlaim ach na cúinsí foghlama a bheith dearfach agus tacúil. Is éard a léiríonn an taighde thuasluaite ná go mbíonn speictream cumais i gceist i ngach rang teanga agus gurb é dúshlán an mhúinteora teanga straitéisí agus acmhainní idirdhealaithe agus difreálaithe a fhorbairt agus – má táimid dáiríre faoin ionchuimsiú – na torthaí foghlama a chur in oiriúint do shainriachtanais ar leith.

Molaimid go láidir don Roinn, mar chuid den athbhreithniú atá á dhéanamh ar an bpolasaí maidir le díolúintí, féachaint arís ar fheidhm agus ar oiriúnacht choincheap na díolúine féin. Is léir go bhfuil an córas mar atá faoi láthair ag cur le dearcadh diúltach i dtaobh na Gaeilge mar ábhar ‘achrannach’ scoile agus d’fhéadfadh an-drochéifeacht a bheith aige sin ar inspreagadh daltaí i gcoitinne maidir le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim teangacha eile, go deimhin. Ní hamháin go bhfuil taithí ar fhoghlaim an dara teanga á ceilt ar fad ar dhaltaí áirithe ach tá treise á cur leis an tuiscint nach bhfuil fiúntas ar bith ag baint leis an nGaeilge mar ábhar scoile. Tá baol ann freisin go bhfuil tuar féinchomhlíontach i gceist maidir le cumas foghlama daltaí – nuair nach mbítear ag súil go bhfoghlaiméoidh siad, ní fhoghlaimíonn siad. Tá treoirlínte fóna curtha ar fáil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le múineadh na Gaeilge do dhaltaí le mion-mhíchumais foghlama ach tá dearcadh cloíte agus meon *ad-hoc* le brath ar an gcéad abairt sa cháipéis chéanna: ‘Tuigtear, ar ndóigh, go bhfuil cead ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag a lán daltaí dá leithéid seo gan Gaeilge a dhéanamh ar scoil. Mar sin féin, cuirtear na treoirlínte seo ar fáil do mhúinteoirí ar toil leo deis a thabhairt dá ndaltaí, feasacht éigin teanga (idir labhairt agus éisteacht) agus cultúr na Gaeilge, dá laghad é, a bhreith leo’ (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, g.d.: 3). Má tá an dátheangachas sochaíoch le cur chun cinn agus acmhainní foghlama teangacha i gcoitinne le forbairt, níor mhór athchoincheapú a dhéanamh ar an nGaeilge mar ábhar agus a tábhacht a

mhíniú i gcomhthéacs fhorbairt chognaíoch, fheasacht teanga, oideachas saoránachta agus oideachas cultúrtha na bpáistí thar an speictream uile cumais. Dá ndéanfaí é sin, bheadh sé nóbh fhusa ansin a chinntiú gur i gcásanna annamha eisceachtúla amháin a bhainfí úsáid as díolúine ar staidéar ar an nGaeilge mar bhealach le dul i ngleic le riachtanais foghlama páistí.

2. Critéir maidir le díolúintí ó staidéar ar an nGaeilge a bhronnadh

Tá athrú bunúsach sa phróiseas cinnteoireachta maidir le díolúintí rianaithe sna míreanna sa pháipéar comhairliúcháin dar teideal ‘Ag bogadh ar shiúl ó dhiagnóis i leith riachtanais foghlama na ndaltaí a shainaithint’ agus ‘Measúnaithe síceolaíochta agus scóir chumais chognaíoch’:

Ag teacht le beartais eile na Roinne i réimse na riachtanas speisialta oideachais, tacaíonn an dréacht-chiorclán seo le sainaithint riachtanas seachas le húsáid a bhaint as samhail dhiagnóiseach, chatagóiriúil (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2018b: 20).

Ní úsáidtear sainuimhir intleachta mheánach/os cionn an mheáin a thuilleadh mar shonraitheoir diagnóiseach. Dá bhrí sin, níl gá le measúinthe síceolaíocha a thuilleadh chun iarratais ar dhíolúine ó staidéar na Gaeilge a phróiseáil (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2018b: 20).

Fáiltímid roimh chóras tacaíochta do scoileanna a bheadh bunaithe ar shainaithint riachtanais foghlama daltaí, seachas diagnóis chliniciúil ach ceistímid an chaoi a gceanglaítear an t-athrú seo le córas na ndíolúintí. Má ghlactar leis go bhfuil ceangal idir an dá rud, tá an baol ann go mbeidh níos mó suibiachtúlachta ná riamh ag baint leis an bpróiseas cinnteoireachta agus go mbeidh brú á chur ar príomhoidí agus ar mhúinteoirí díolúintí a cheadú gan tacaíocht shainchomhairleach ar bith a bheith ar fáil acu. Bhí fianaise i dtaca le brú ó thuismitheoirí le fáil i dtaighde Uí Laoire (2013). Tá an baol ann freisin go bhféachfar níos mó ná riamh ar dhíolúintí mar chuid de bheartas tacaíochta foghlama seachas mar chinneadh a dhéanfaí i gcúinsí annamha eisceachtúla amháin.

Ba cheart glan-idirdhealú a dhéanamh idir díolúintí agus aon tacaíochtaí breise foghlama a bheith ar fáil bunaithe ar shainriachtanais a bheadh aitheanta ag múinteoirí. Mar a léirigh Sparks (2016: 262), ‘policies that allow for course substitutions and waivers only for students who are classified as LD (*learning disabled*) would likely increase the number of students classified as LD because only diagnosed students can access the aforementioned benefits.’ Tá fianaise air seo cheana féin i dtreocht líon na ndíolúintí atá á mbronnadh – mar a phléifear thíos. Breathnaítear ar dhíolúine ó staidéar ar an nGaeilge mar bhealach chun éalú ó rud atá dúshlánach seachas tacú le daltaí a bhfuil riachtanas ar leith acu. Sin é an fáth go bhfuil na critéir a leagfar síos chomh tábhachtach sin d’ionracas an chórais.

Luadh in Imlitir 12/96 chuig boird bhainistíochta agus príomhoidí scoileanna náisiúnta nach ‘ceart go dtiocfadh díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge i gceist ach go hannamh agus i gcásanna eisceachtúla’ (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 1996: 1). Is é an tuiscint a bheadh againne

ar rud a bheith ‘annamh agus eisceachtúil’ ná rud a thitfeadh amach thart ar 2-3% den am. B’in an ráta díolúine a bhí ann in 1999 (2.5%) agus in 2000 (2.9%). Léiríonn tuarascáil na Cigireachta (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2018a) an treocht shoiléir maidir leis an bhfás ar líon na ndíolúintí ó 1999 i leith. Bhí an ráta chomh hard le 10.9% sa bhliain 2010, cé gur thit sé siar go 9.2% in 2016. Faoi mar a léiríonn tuarascáil na Cigireachta, ba de bharr laghdú ar líon na ndaltaí a raibh a gcuid oideachais suas go dtí 11 bhliain d’aois faighte acu lasmuigh den stat agus laghdú ar líon na ndaltaí ó thar lear nach raibh aon tuiscint ar an mBéarla acu tráth a rollaithe ba chúis leis an laghdú ó 10.9% go 9.2%. Lean an fás ar líon na ndíolúintí mar thoradh ar mhíchumas foghlama ar leith le linn na tréimhse sin ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Luann an páipéar comhairliúcháin (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2018b: 3) go bhfuil an t-eolas agus an tuiscint ar riachtanais speisialta oideachais a bhí mar bhunús do na ciorcláin sna 1990idí sáraithe anois. Is léir dúinne, mar sin, gurb í an ghné seo de na critéir is mó a dteastaíonn leasú uirthi. Ag cur san áireamh an mhíshástacht maidir le feidhmiú chóras na ndíolúintí le roinnt blianta anuas, is iad na critéir a leagfar amach feasta a chinnteoidh cé acu an bhfeidhmeofar an scéim go sásúil amach anseo nó nach bhfeidhmeofar. Ní miste, mar sin, comparáid a dhéanamh idir na critéir a bhí i bhfeidhm go dtí seo agus na critéir atá molta sna dréacht-chiorcláin.

Má scrúdaítear na míreanna éagsúla sna ciorcláin i dTábla 1, feictear nach bhfuil aon athrú suntasach sa chéad sraith. Sa dara sraith feictear anois go bhfuil an teorainn aoise ardaithe go 12 bhliain d’aois do dhaltaí a fuair a gcuid bunoidreachais lasmuigh den stát agus fáiltimid roimhe sin. Is dóigh linn go bhfuil sé sin ag teacht lenár dtuiscint féin ar shealbhú an dara teanga.

I gcás aisimirce daltaí, feictear sa tríú sraith go bhfuil tréimhse trí bliana i gcóras oideachais eile thar lear luaite mar bhonn do dhíolúine i gcás daltaí a bheadh ag athrollú i scoil sa Stát seo agus iad 12 bhliain d’aois ar a laghad ar athrollú dóibh. Is dóigh linn go bhfuil an tréimhse sin róghearr i gcás na bunscoile agus go mba chóir í a shíneadh go tréimhse cúig bliana.

Sa cheathrú sraith, feictear go gcaithfidh rang a trí, ar a laghad, a bheith bainte amach ag daltaí sula bhféadfadh a dtuismitheoirí díolúine a lorg ar a son. Ceistimid ar chóir aon díolúine a bhronnadh ag leibhéal na bunscoile ar an mbonn seo.

Tá athrú suntasach le feiceáil sa chúigiú sraith, áit a bhfuil na critéir le hathrú ó *mhíchumas foghlama ar leith nó sainmháchain fhoghlama orthu is go dteipeann orthu leibhéal a mbeadh súil leo a bhaint amach i mbunscileanna teanga sa mháthairtheanga go dtí deacrachtaí suntasacha foghlama acu atá leanúnach, d’ainneoin go raibh rochtain acu ar chur chuige difreáilte maidir le foghlaim teanga agus litearthachta i nGaeilge agus i mBéarla thar thréimhse ama. Luaitear chomh maith go gcaithfeadh fianaise dhoiciméadach mhionsonraithe a bheith ann.*

Anuas air sin feictear sa séú sraith gur *cheart don dalta/scoláire Scór Caighdeánaithe ar thástáil scoite i Léitheoireacht Focal nó sa Léamhthuiscint a bheith bainte amach atá ag/faoi bhun an 10 peircintíl*. Is dóigh linne go bhfuil an critéar seo róscailte. Agus é le haithint go

gcaithfidh na deacrachtaí suntasacha foghlama a bheith leanúnach, bheadh an phróifíl seo ag beagnach gach dalta atá ag an 10 peircintíl nó faoina bun.

Tá easpa eolais sa pháipéar comhairliúcháin faoin mbunús atá leis an gcinneadh an 10ú peircintíl a roghnú. Ní insítear dúinn faoi líon na ndíolúintí reatha a thitfeadh sa raon seo ar thrialacha caighdeánacha. Tá an chuma ar an scéal gur roghnaíodh an scoithphointe seo le bealach níos fusa a chruthú do chinntí ag leibhéal na scoile seachas é a bheith bunaithe ar chritéar bailí bunaithe ar fhianaise. Níl aon fhianaise ann nach mbainfeadh formhór na ndaltaí faoin 10ú peircintíl tairbhe as staidéar ar an nGaeilge.

Is é an toradh a bheadh air seo, ag cur san áireamh treochtaí na ndíolúintí le blianta beaga anuas, go bhfásfadh líon na ndíolúintí a bhronnfaí de bharr deacrachtaí suntasacha foghlama agus, in ionad iad a bheith á samhlú le cásanna eisceachtúla, go mbeidís á dtairiscint go rialta mar réiteach ar dheacrachtaí foghlama atá coitianta go maith. Chomh maith leis sin, thabharfadh sé an teachtaireacht do dhaltaí agus do thuismitheoirí araon nach bhfuil sé ar chumas daltaí atá ag an 10ú peircintíl nó faoina bun teangacha eile a fhoghlaim. Ba chóir go mbeadh rochtain ag daltaí ar an gcuraclam ag leibhéal éagsúla a oireann dá gcumas. Nuair a chuirtear san áireamh chomh maith an chaoi a ndéanfaí breithiúnas go bhfuil dalta atá ag an 10ú peircintíl nó faoina bun trí *Scór Caighdeánaithe ar thástáil scoite i Léitheoireacht Focal nó sa Léamhthuiscint*, bheifí an-bhuartha faoin bhfás a d'fhéadfadh teacht ar líon na ndíolúintí a bhronnfaí amach anseo. Níl sa léitheoireacht focal ach gné an-bheag de shealbhú an dara teanga. Cuimsíonn léamhthuiscint réimse níos leithne ach, arís, is ag díriú ar scil teanga amháin atá sé sin, freisin. Mar is eol do chách, tá an-bhéim anois ar scileanna labhartha i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, rud a chuideoidh le daltaí le deacrachtaí litearthachta rochtain a bheith acu ar shiollabas oiriúnach agus aitheantas a fháil do na buanna atá acu.

D'fhéadfadh iarmhairtí eile nach mbeifí ag súil leo a bheith mar thoradh ar an gcinneadh seo. Ta céatadán i bhfad níos airde de dhaltaí faoin 10ú peircintíl i scoileanna DEIS i gcomparáid le scoileanna eile. Sa bhliain 2016 bhí 18% de dhaltaí rang a 6 i scoileanna DEIS faoin 10ú peircintíl. Sa bhliain 2010 bhí 26% de dhaltaí faoin 10ú peircintíl (Kavanagh, Weir & Moran, 2017). Glactar leis go bhfuil na noirm a forbraíodh do na trialacha seo as dáta anois agus go bhfuil siad ag tabhairt rómheastachán ar ghnóthachtáil na ndaltaí (Shiel et al., 2014 cited in Kavanagh, Weir & Moran, 2018). Rinne athchaighdeánú orthu in 2018. D'fhéadfadh líon na ndíolúintí fás go mór dá gcuirfí na critéir mholta i bhfeidhm agus d'fhéadfadh daltaí i gceantair shocheacnamaíocha ísle a bheith thíos leis.

Tá conspóid ag baint le scoithphointe ar nós an 10ú peircintíl a úsáid mar tugann sé le fios go bhfuil cruinneas eolaíochta ag baint leis, rud nach bhfuil fíor. Bíonn earráid chaighdeánach tomhais ag baint le gach triail chaighdeánach. Fágтар go mbíonn scór 'fíor' an dalta laistigh de raon ag brath ar an eatramh muiníne (*confidence interval*) a chuirtear i bhfeidhm. Dá airde is ea an t-eatramh muiníne, 90% mar shampla, is ea is leithne an raon os cionn nó faoi bhun an scóir chaighdeánaigh a luíonn scór an dalta. Is ar an gcúis sin a mhol an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta do scoileanna úsáid a bhaint as scóir STEN agus iad ag tuairisciú torthaí do thuismitheoirí. Dá mbainfí úsáid as scóir STEN sa chomhthéacs seo mhéadódh sé líon na ndíolúintí.

Tábla1: Comparáid idir na critéir i gCiorcláin 1994, 1996 agus dréacht-chiorcláin 2018

	Imlitir 10/94	Imlitir 12/96	Dréacht-chiorclán 2019 Bunscoileanna	Dréacht-chiorclán 2019 Iar-bhunscoileanna
1.	“Beidh sé de chead ag daltaí sna cúinsí a leanas ábhar ar bith eile a roghnú in ionad na Gaeilge as an liosta d’ábhair cheadaithe chun críche Rialach 21 (1) (a) agus (b):	Is féidir díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge a dheonadh ar dhalta i scoil náisiúnta i gceann ar bith de na cásanna seo:-	Féadtar díolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge a cheadú do dhaltaí sna himthosca eisceachtúla seo a leanas:	Féadtar díolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge a cheadú do scoláirí sna himthosca eisceachtúla seo a leanas:
2.	(a) Daltaí a rinne freastal ar bhunoideachas go dtí 11 bliain d’aois i dTuaisceart Éireann nó lasmuigh d’Éirinn	Dalta a fuair a b(h)unoideachas go dtí aois 11 bhliain i dTuaisceart na hÉireann nó taobh amuigh d’Éirinn agus a raibh cónaí ar bhonn buan i dTuaisceart na hÉireann nó lasmuigh d’Éirinn ar an dtuismitheoir nó ar an gcaomhnóir ar a raibh caomhnú an dalta i rith thréimhse oideachais an dalta suas go dtí an aois sin;	a. daltaí a fuair a gcuid oideachais suas go dtí 12 bhliain d’aois nó go dtí an bhliain dheireanach dá gcuid bunoidreachais lasmuigh den Stát agus nach raibh deis acu dul i mbun staidéir ar an nGaeilge	a. scoláirí a fuair oideachas suas go dtí 12 bhliain d’aois nó go dtí an bhliain dheireanach dá gcuid bunoidreachais lasmuigh den Stát agus nach raibh deis acu dul i mbun staidéir ar an nGaeilge
3.	(b) Daltaí a bhí cláraithe cheana féin mar dhaltáí aitheanta i mbunscoil nó i scoil dara leibhéal agus go mbeidh ath-chlárú dá dhéanamh acu tar éis tréimhse thar lear ar an gcoinníoll go mbeidh trí bliana thart ó rinneadh an clárú sa Stát cheana agus go mbeidh 11 bliain d’aois slánaithe acu.	Dalta a bhí cláraithe mar dhaltáí aitheanta i scoil náisiúnta cheana agus atá á c(h)lárú anois tar eis dó/di tréimhse a chaitheamh thar lear, ar choinníoll go bhfuil trí bliana ar a laghad imithe ón gclárú deireanach sa Stát agus go bhfuil an dalta 11 bhliain d’aois ar a laghad ag an athchlárú;	b. daltaí a bhí rollaithe roimhe sin mar dhaltáí aitheanta i mbunscoileanna agus atá á n-athrollú tar éis tréimhse a chaitheamh thar lear, ar choinníoll go bhfuil trí bliana as a chéile ar a laghad caite ó rollaíodh iad roimhe seo sa Stát agus iad 12 bhliain d’aois ar a laghad ar athrollú dóibh	b. scoláirí a bhí rollaithe roimhe sin mar scoláirí aitheanta i mbunscoil nó in iar-bhunscoil agus iad á n-athrollú tar éis tréimhse a chaitheamh thar lear, ar choinníoll go bhfuil trí bliana as a chéile ar a laghad caite ó rollaíodh iad roimhe seo sa Stát agus iad 12 bhliain d’aois ar a laghad ar athrollú dóibh
	(c) Daltaí	(c) Dalta	c. daltaí:	c. scoláirí
4.			i. a bhfuil an tríú rang bainte amach acu ar a laghad	
5.	(i) a fheidhmíonn go hintleachtúil ag an	(i) a fheidhmíonn go hintleachtúil ar	agus ii. a bhfuil deacrachtaí	i) a bhfuil deacrachtaí

	<i>leibhéal meánach nó lastuas de ach go bhfuil Míchumas Foghlamthaar leith orthu sa mhéid go dteipeann orthu na leibhéil a bheidh súil leis a bhaint amach sna bunscileanna teanga sa mháthairtheanga, nó</i>	mheánleibhéal nó ag leibhéal níos airde ná sin ach a bhfuil Sainmháchail Fhoghlama air/uirthi atá ar chéim chomh trom sin go dteipeann air/uirthi leibhéil a mbeadh súil leo a bhaint amach i mbunscileanna teanga sa mháthairtheanga, nó	suntasacha foghlama acu atá leanúnach, d'ainneoin go raibh rochtain acu ar chur chuige difreáilte maidir le foghlaim teanga agus litearthachta i nGaeilge agus i mBéarla thar thréimhse ama. Ba cheart go gcuimseofaí fianaise dhoiciméadach den chineál seo, a shealbhaíonn an scoil, Pleananna Tacaíochta Scoláirí ina mionsonraítear	suntasacha foghlama acu atá leanúnach, d'ainneoin go raibh rochtain acu ar chur chuige difreáilte maidir le foghlaim teanga agus litearthachta i nGaeilge agus i mBéarla thar thréimhse ama. Ba cheart go gcuimseofaí fianaise dhoiciméadach den chineál seo, a shealbhaíonn an scoil, Pleananna Tacaíochta Scoláirí ina mionsonraítear
	<i>(ii) ar mhíchumas foghlamtha ginearálta, de thoradh measúnachta, de bharr mórbaic intleachtúil [i.e. bac meabhrach] agus go bhfuil ag teip orthu, freisin, leibhéil shásúla a bhaint amach sna bunscileanna teanga sa mháthairtheanga</i>	(ii) ar measadh máchail ghinearálta fhoghlama a bheith air/uirthi de thoradh tromlagú intleachtúil (is é sin bac meabhrach) agus a bhfuil ag teip air/uirthi chomh maith, leibhéil oiriúnacha a bhaint amach i mbunscileanna teanga sa mháthairtheanga, nó	<ul style="list-style-type: none"> • athbhreithnithe rialta ar riachtanais foghlama mar chuid de thimthriall measúnachta leanúnaí • spriocanna a leagadh amach • idirghabháil agus athbhreithniú bunaithe ar fhianaise, lena n-áirítear scóir tástála (léamh focal, léamhthuiscint, litriú, scóir eile teanga/litearthachta eile) ag príomhphointí athbhreithnithe. 	<ul style="list-style-type: none"> • athbhreithnithe rialta ar riachtanais foghlama mar chuid de thimthriall measúnachta leanúnaí • spriocanna a leagadh amach • idirghabháil agus athbhreithniú bunaithe ar fhianaise, lena n-áirítear scóir tástála (léamh focal, léamhthuiscint, litriú, scóir eile teanga/litearthachta eile) ag príomhphointí athbhreithnithe.
6.	<i>(iii) ar mhíchumas foghlamtha ginearálta, de thoradh measúnachta, de bharr mórbaic céadfaigh agus go bhfuil ag teip orthu, freisin, leibhéil shásúla a bhaint amach sna bunscileanna teanga sa mháthairtheanga</i>	(iii) ar measadh máchail ghinearálta a bheith air/uirthi de thoradh tromlagú chéadfaigh, agus a bhfuil ag teip air/uirthi, chomh maith, leibhéil oiriúnacha a bhaint amach i mbunscileanna teanga sa mháthairtheanga	agus iii. tráth an iarrtais ar dhíolúine ba cheart don dalta Scór Caighdeánaithe ar thástáil scoite i Léitheoireacht Focal nó sa Léamhthuiscint a bheith bainte amach atá ag/faoi bhun an 10ú peircintíl.	agus ii) tráth an iarrtais ar dhíolúine ba cheart don scoláire Scór Caighdeánaithe ar thástáil scoite i Léitheoireacht Focal nó sa Léamhthuiscint a bheith bainte amach atá ag/faoi bhun an 10 peircintíl.

3. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na gCiorclán

Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na gCiorclán, seo é an cur chuige atá luaite sa dá dhréacht-chiorclán: ‘Déanfaidh an Roinn monatóireacht rialta ar fheidhmiú an Chiorcláin athbhreithnithe agus déanfar athbhreithniú air go tréimhsiúil’ (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2018b: 23, 29). I bhfianaise na n-ábhar buartha a luadh thuas agus an méadú a tháinig ar líon na ndíolúintí ó 1999 i leith, níl an ráiteas sin sainsiúil ná cuimsitheach go leor chun muinín a thabhairt don phobal nach bhféadfadh fás as cuimse teacht ar líon na ndíolúintí sula ndéanfaí an próiseas a athbhreithniú. Cibé critéir a chuirfear i bhfeidhm ar deireadh, molaimid do dtabharfar geallúint athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú chéad bhliain na socruithe nua tar éis do scoileanna an tuairisceán bliantúil a dhéanamh i mí Dheireadh Fómhair 2020. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na staitisticí go bliantúil ina dhiaidh sin agus athbhreithniú níos cuimsithí a chur i bhfeidhm tar éis tréimhse trí bliana.

Is é an cuspóir ba cheart a bheith ag aon athbhreithniú ná a chinntiú gur rud annamh agus eisceachtúil a bheadh i ndíolúine ar staidéar ar an nGaeilge, rud a chiallódh gur i dtreo 2% nó 3% de dhaonra iomlán na scoileanna a bheadh an figiúr ag dul thar thréimhse ama ón ráta 9.2% a bhí ann in 2016.

4. Foghlaim Teangacha agus an Dáttheangachas

Is léir ón treocht atá faoi chóras na ndíolúintí, de réir mar atá sé léirithe i dtuarascáil na Cigireachta (2018) agus i dtaighde Mhuiris Uí Laoire (2013), go bhfuil bearna eolais agus tuisceana ann maidir le feidhm an dara teanga i gcearaclam na bunscoile agus na hiarbhunscoile. Creidimid nár mhór aghaidh a thabhairt ar an gceist seo ar bhonn práinne agus feasacht phobal na scoile agus feasacht an phobail i gcoitinne a ardú maidir leis na buntáistí a bhaineann le foghlaim teangacha i gcoitinne agus le foghlaim na Gaeilge mar dhara teanga, go háirithe. Tá sé léirithe ag an taighde go bhfuil an-chuid buntáistí ag baint leis an dáttheangachas. Seo samplaí de na buntáistí sin (Ó Ceallaigh, 2013):

- Feasacht mheititheangeolaíoch
- Íogaireacht chumarsáide
- Solúbthacht chognaíoch
- Smaointeoireacht iltreoch, neamhspleáchas réimse, aithint patrún agus fadhbréiteach
- Foirmiú coincheapa, aicmiú, cruthaitheacht, réasúnú analachúil, agus scileanna amharcspásúla
- Feidhmiú feidhmiúcháin níos airde agus cuimhne eipeasóideach níos fearr
- Iolrachas cultúrtha, leathanaigeantacht, agus tuiscint
- Éascaíocht maidir leis an tríú teanga a fhoghlaim
- Cothromaíocht deiseanna
- Gnóthachtáil acadúil

B’fhiú togra oideachasúil a chur ar bun chun an t-eolas a roinnt leis an bpobal agus le tuismitheoirí, oidí agus na rannpháirtithe leasmhara, go háirithe. D’fhéadfaí leas a bhaint as na

meáin shóisialta leis seo a dhéanamh agus an t-eolas a scaipeadh ar líne agus in ionaid phoiblí fud fad na tíre. D'fhéadfaí cainteanna poiblí a eagrú le feasacht daoine a ardú. Níor mhór go mbeadh múinteoirí faoi oiliúint agus múinteoirí cáilithe ar an eolas faoi bhuntáistí foghlaim na Gaeilge. D'fhéadfaí bileog tharraingteach shoiléir agus ábhar ar líne a dhearadh le heolas a scaipeadh ar an bpobal.

Le roinnt blianta anuas, tá athchoincheapú ar siúl ar thábhacht na teanga Gaeilge i suíomh foghlama teanga an fhoghlaim óig. Leagann an curaclam comhtháite teanga ag leibhéal na bunscoile agus na hathruithe curaclaim ag leibhéal na hiar-bhunscoile béim ar thraschur scileanna thar theangacha, agus ar mhúineadh agus ar foghlaim éifeachtach teangacha (agus an Ghaeilge san áireamh sa chomhthéacs seo freisin). Fad is a bhíonn foghlaim ag forbairt scileanna litearthachta i dteanga amháin, bíonn scileanna agus straitéisí foghlama teanga á bhforbairt acu ar féidir leo tarraingt orthu agus iad ag foghlaim teangacha eile (Ó Duibhir & Cummins, 2012). Cuireann na scileanna agus na straitéisí foghlama teanga a fhorbraítear i dteanga amháin le bunniúlacht choiteann an duine teangacha eile a foghlaim (Cummins, 2000). Is féidir eolas coincheapúil, feasacht fóineolaíochta agus straitéisí meiteachognaíocha agus meitheangeolaíocha (Cummins 2000) a thraschur thar theangacha.

Sa seomra ranga dátheangach, bíonn deis ag múinteoirí aird na bhfoghlaim a dhíriú ar na difríochtaí agus ar na cosúlachtaí idir teangacha – Gaeilge, Béarla agus teangacha eile san áireamh. Feidhmíonn an dara teanga mar acmhainn luachmhar chun foghlaim na chéad teanga a chomhlánú agus a shaibhriú a thuilleadh. Conas is féidir é sin a dhéanamh go praiticiúil sa seomra ranga? Ní mór oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil do mhúinteoirí le cabhrú leo teacht i dtuisceant ar foghlaim chomhtháite teangacha agus conas tabhairt faoi go praiticiúil sa seomra ranga.

4.1. Ionchuisitheacht

Is í an Ghaeilge príomhtheanga oifigiúil na tíre agus tá sí aitheanta mar theanga oifigiúil san Aontas Eorpach. Is dlúthchuid dár n-oidhreacht í an Ghaeilge agus tá sé de cheart ag gach foghlaim staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge. Tá athchóiriú iomlán déanta ar an gcuraclam Gaeilge ó foilsíodh na Ciorcláin M10/94 (iar-bhunscoil) agus 12/96 (bunscoil). Ag leibhéal na bunscoile, tá torthaí foghlama difreáilte do dhaltaí i scoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc iontu agus do dhaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge. Tá an curaclam dírithe ar an réimse foghlaim i gcomhthéacsanna scoile éagsúla, iad siúd i gcomhthéacsanna oideachais speisialta san áireamh. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, sa tSraith Shóisearach, déantar idirdhealú chomh maith de réir príomhtheanga na scoile. Sa tSraith Shinsearach, bíonn rogha ag foghlaim staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag trí leibhéal éagsúla – ardleibhéal, gnáthleibhéal nó bonnleibhéal. Ar an teanga labhartha agus ar theagasc na teanga go cumarsáideach atá an-bhéim anois. Tá acmhainn nua ag múinteoirí anois, dá bhrí sin, a chabhróidh leo an Ghaeilge a theagasc thar an gcontanam foghlama.

Sa chás go mbíonn deacrachtaí ag foghlaim leis an nGaeilge, molaimid go ndéanfaí difreálú ar theagasc na Gaeilge dóibh. Ní mór raon tacaíochtaí, oiliúint agus áiseanna cuí a chur ar fáil do mhúinteoirí chun cabhrú leo freastal a dhéanamh sa seomra ranga ar riachtanais an fhoghlaim. Tá sé molta ag an taighde (Wight, 2015; Sparks, 2009) gur fearr straitéisí teagaisc a oiriúnú do riachtanais na bhfoghlaim seachas díolúintí a dheonú. Ar na nithe a mholtar, tá difreálú a dhéanamh sna torthaí foghlama, sna straitéisí teagaisc agus sna modhanna measúnaithe. Ní mór scileanna foghlama teanga a theagasc go follasach agus teacht ar straitéisí a chabhróidh le foghlaim a bhfuil riachtanais éagsúla acu dul i ngleic le foghlaim an dara

teanga. Ní mór a thuiscint go bhfuil speictream cumais i ngach rang teanga ach nach bhfuil a leithéid de rud ann agus míchumas foghlama teanga ann féin (Sparks, 2009).

Molaimid breis taighde a léireodh an dea-chleachtas maidir le difreálú thar an gcontanam foghlama. Tá samplaí de straitéisí teagaisc difreáilte léirithe san acmhainn *Gaeilge – Teanga agus Cultúr: Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí le Mion-mhíchumais Ghinearálta Foghlama (NCCA, gan dáta)* (Ar fáil ag: https://www.ncca.ie/media/3883/p_mild_gaeilge.pdf). Molaimid go mór breis tacaíochtaí mar seo a chur ar fáil. Ba chóir go mbeadh gach múinteoir eolach ar phrionsabail na hionchuimsitheachta (NCSE, 2011; Winter and O’Raw, 2010). Agus anailís déanta againn ar an taighde a bhaineann le foghlaim an dara teanga, is léir dúinn nár cheart dalta a dhíolmhú ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ach amháin i gcásanna atá annamh agus eisceachtúil. Sa chás go gcuirtear iarratas ar dhíolúine os comhair phríomhoide agus bhord bainistíochta na scoile, níor mhór go mbeadh an oiliúint chuí acu le go mbeidh sé ar a gcumas breithiúnas gairmiúil cóir a dhéanamh agus tuiscint acu go n-imreoidh an cinneadh a dhéanann siad tionchar fadtéarmach ar dheiseanna saoil an fhoghlaimora.

4.2. Inní agus strus

Déantar trácht in *Athbhreithniú ar Bheartas agus Cleachtas Maidir le Díolúintí ó Staidéar na Gaeilge* (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2018a) ar na daltaí a lorg díolúine ó staidéar ar an nGaeilge mar gheall ar an strus agus ar an inní a bhain le foghlaim na Gaeilge. Rinneadh plé chomh maith céanna ar na daltaí le Neamhord Speictream an Uathachais a tuairiscíodh a bheith faoi strus de bharr a bheith ag foghlaim na Gaeilge. Luaigh an tuarascáil an dóigh a raibh ardú suntasach ar líon na daltaí a rinne tagairt don inní agus don strus mar chúis le díolúine ó staidéar ar an nGaeilge a lorg.

Luaitear sa tuarascáil go raibh Ciorclán 12/96 agus *Guidelines for Psychologists* balbh ar an tsaincheist seo agus níor luadh aon taighde a thug le fios gur réiteach sásúil ar an strus agus ar an inní é an díolúine ó staidéar ar an Gaeilge. Luaitear ‘strus’ agus ‘inní’ go minic sa litríocht idirnáisiúnta ar fhoghlaim an dara teanga. Cuirtear síos ar an strus agus ar an inní seo mar bhac mór ar fhoghlaim an dara teanga mar a mhaíonn Schultz agus Fisher, mar shampla:

Stress is a major hindrance in language learning process. This process is by its nature time consuming and stress provoking ... and raises the stress level to a point at which it interferes with student attention and efficiency and undermines motivation (Schultz & Fisher 1988).

Spreagtar múinteoirí, mar sin, le dul i mbun ghníomhaíochtaí foghlama cosúil le cluichí (Wright, Betteridge, & Buckby 2006) leis an strus agus an inní seo a laghdú i measc na ndaltaí. Léirítear sa litríocht idirnáisiúnta go gcuirtear strus ar dhaltaí áirithe nuair nach bhfuil siad eolach go leor ar an teanga agus go gcuirtear leis an strus nuair a bhíonn ar an dalta labhairt os ard os comhair an ranga. Ní féidir a rá, áfach, go moltar gur chóir do na daltaí seo éirí as foghlaim an dara teanga agus cuirtear béim ar an gceangal atá ann idir cumas na ndaltaí sa dara teanga agus an strus a fhulaingítear:

Practical implications have to do with the way that foreign language educators address anxiety in classroom instruction. If anxiety is a consequence of weak language skills rather than a cause of poor performance in foreign language classes, then classroom teachers will need to address these language issues as a primary focus of instruction prior to or simultaneously with efforts to address students’ anxiety. It may be that students’ anxiety will diminish as their language skills improve. Research on foreign language instruction for at-risk learners suggests that these students, in particular, benefit from a highly structured, systematic

approach to foreign language instruction that directly and explicitly teaches language learning skills that improve foreign language performance. (Sparks & Ganschow 2007: 279-280)

Go deimhin, áitítear go láidir i gcuid den litríocht idirnáisiúnta gur chóir oideachas ionchuimsitheach ceart a chur ar fáil do gach dalta, in ainneoin na ndeacrachtaí foghlama nó na ndeacrachtaí pearsanta atá acu (Wight 2002). Tráchtadh cheana féin san aighneacht seo ar na dúshláin atá ag múinteoirí straitéisí agus acmhainní idirdhealaithe agus difreálaithe a fhorbairt do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus moltar go láidir chomh maith céanna gur chóir aghaidh a thabhairt ar straitéisí teagasc a fhorbairt a laghdódh strus sa seomra ranga teanga seachas díolúintí a thabhairt do dhaltaí a bhfuil strus agus inní orthu mar gheall ar fhoghlaim na Gaeilge. Creidimid go láidir nach réiteach oiriúnach ar an bhfadhb seo é an díolúine ó staidéar ar an nGaeilge atá ag daltaí áirithe. Luaitear i dTuarascáil na Cigireachta, fosta, go mbíonn gaol go minic idir an strus a bhíonn ar pháistí agus an dearcadh diúltach a bhíonn ag tuismitheoirí na bpáistí sin i leith na Gaeilge. Le strus agus inní i leith fhoghlaim na Gaeilge a chur i gcomhthéacs níos leithne, luaitear inní na matamaitice sa litríocht chomh maith ach ní bhíonn díolúine riamh mar mholadh leis an bhfadhb a réiteach. Ina áit sin, moltar bealaí a aimsiú leis an inní a mhaolú (Devine, Hill, Carey & Szűcs 2018).

5. Tatal agus moltaí

Tá an aighneacht seo bunaithe ar thaithí na mball foirne atá luaite le SEALBHÚ: Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge. Cuimsítear sa bhallraíocht sin baill acadúla foirne a mbaineann a gcuid saineolais agus réimsí taighde leis an oideachas teanga, le modhanna múinte na Gaeilge, leis an oideachas speisialta agus leis an oideachas bunscoile, iar-bhunscoile agus ollscoile trí chéile. Tá taighde ceannródaíoch i dtaca le gnéithe éagsúla d'fhoghlaim agus de mhúineadh na Gaeilge sa chóras oideachais foilsithe ag baill an Lárionaid. Is mian le húdair na haighneachta seo go dtuigfí nach tuairimí loma pearsanta atá á léiriú san aighneacht ach taithí ghairmiúil na mball sna réimsí acadúla a bhaineann leo, agus gur saibhre i bhfad na tuisicintí a nochtar anseo toisc éagsúlacht saineolais na mball foirne sin trí chéile. Thar aon ní eile, glactar leis go bhfuil na léargais a luaitear anseo fréamhaithe sa taighde acadúil náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann go dlúth leis an ábhar. Ina fhianaise sin uile, is tábhachtach linne go dtarraingeofaí aird ar na pointí seo a leanas:

- Is gá an frása ‘annamh agus eisceachtúil’ a bheachtú agus a shainiú.
- Is gá feidhm agus oiriúnacht choincheap na díolúine féin a athbhreithniú i gcomhthéacs an dátheangachais sula ndéantar aon pholasaí nua a fhoilsiú ná a chur i bhfeidhm.
- Cés moite de chásanna annamha agus eisceachtúla (2% - 3%), níl aon fhianaise nó bunús ann sa taighde náisiúnta nó idirnáisiúnta a thacódh le díolúine ó staidéar ar an nGaeilge.
- Níl aon fhianaise nó bunús taighde do na hargóintí i bhfabhar leathnú a dhéanamh ar an rochtain ar dhíolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge a leagtar amach sa pháipéar comhairliúcháin.
- Ba cheart a dheimhniú nach n-áireofar feasta an díolúine mar chuid de réimse tacaíochtaí foghlama breise.
- Ba cheart aon leasuithe a chuirfear i bhfeidhm as seo amach a bheith bunaithe ar thuisicint cheart ar riachtanais speisialta oideachais agus a bheith fréamhaithe sa taighde a bhaineann leis an réimse sin i dtaca le sealbhú agus teagasc an dara teanga, go háirithe.

- Ní mór an bhearna tuisceana idir na páirtithe leasmhara éagsúla a dhúnadh i dtaca le fiúntas an dara teanga a fhoghlaim, go háirithe ar mhaithe leo siúd a n-aithnítear go bhfuil sainriachtanais foghlama acu.
- Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéatadán de dhaonra na scoileanna a bhfuil ar a gcumas teangacha eile a fhoghlaim chun nach bhfeicfear an díolúine mar ‘réiteach’ ar dheacrachtaí foghlama de chineálacha éagsúla.
- Ba cheart córas athbhreithnithe cuí a chur i bhfeidhm maidir le haon pholasaí nua chun go mbeidh deis cheart ag gach cuid d’earnáil an oideachais ionchur a bheith acu i bhfeidhmiú an pholasaí. Moltar athbhreithniú éadrom tar éis bliana agus athbhreithniú cuimsitheach tar éis tréimhse trí bliana.
- Mar chuid den athbhreithniú sin, moltar togra oideachasúil a bhunú a chuirfidh fiúntas agus buntáistí shealbhú an dara (agus an tríú teanga nó níos mó) ar a súile don phobal i gcoitinne.
- Ba chóir tógáil ar an obair atá déanta cheana féin maidir le teagasc na Gaeilge thar an gcontanam foghlama. B’fhiú go mór féachaint le tacú le múinteoirí mar aon le hoidí faoi oiliúint straitéisí teagaisc a oiriúnú do riachtanais na bhfoghlaimoirí ar speictream iomlán an chumais.
- Ba chóir coincheapa na himní agus an struis maidir le foghlaim an dara teanga a thuiscint agus a shainmhíniú i gcomhthéacs an taighde idirnáisiúnta chun nach mbainfear mí-úsáid astu mar chúiseanna aonair chun díolúine a bhaint amach.

Tagairtí

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe. (Gan dáta). *Gaeilge – Teanga agus cultúr: Treoirínite do mhúinteoirí daltaí le mion-éagumais ghinearálta foghlama: Bunscoil*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe. Ar fáil ag: https://www.ncca.ie/media/3883/p_mild_gaeilge.pdf

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. (2011). *Inclusive education framework: A guide for schools on the inclusion of pupils with special educational needs*. Co. na Mí: Údar. Ar fáil ag: http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/10/InclusiveEducationFramework_InteractiveVersion.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta CNCM. (2015). Curaclam teanga na bunscoile. Ar fáil ag : <http://curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Language-New-Junior-infants-2nd-class?lang=ga-IE>

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (1996). *Imlitir 12/96: Imlitir chuig boird bhainistíochta agus príomhoidí scoileanna náisiúnta: Leasú ar imlitir 18/79 maidir le díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge*. Ar fáil ag: https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/pe12_96_ir.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2018a). *Athbhreithniú ar bheartas agus cleachtais maidir le díolúintí ó staidéar na Gaeilge*. Ar fáil ag: https://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Eolas/D%C3%ADol%C3%BAine-%C3%B3n-nGaeilge/irish_exemption_review_of_policy_and_practice_ir.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2018b). *Páipéar Comhairliúcháin: Treo an Pholasat sa Todhchaí maidir le Díolúintí ó Staidéar na Gaeilge*. Ar fáil ag: https://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Eolas/D%C3%ADol%C3%BAine-%C3%B3n-nGaeilge/irish_exemption_consultation_paper_ir.pdf

Cummins, J. (2000). *Language, power and pedagogy: Bilingual children in the crossfire*. (Clevedon: Multilingual Matters).

Devine, A., Hill, F., Carey, E., & Szűcs, D. (2018). 'Cognitive and emotional math problems largely dissociate: Prevalence of developmental dyscalculia and mathematics anxiety', *Journal of Educational Psychology*, 110(3), 431-444. doi:10.1037/edu0000222

Dewey, D., Belnap, R., & Steffen, P. (2018). 'Anxiety: Stress, Foreign Language Classroom Anxiety, and Enjoyment During Study Abroad' in Amman, Jordan. *Annual Review of Applied Linguistics*, 38, 140-161. doi:10.1017/S0267190518000107

Florian, L., & Linklater, H. (2010). 'Preparing teachers for inclusive education: using inclusive pedagogy to enhance teaching and learning for all', *Cambridge Journal of Education*, 40(4).

Gallagher-Brett, A. (2014). *Seven hundred reasons for studying languages* (Southampton: LLAS/ The Higher Education Academy).

Harris, J., & Ó Duibhir, P. (2011). *Múineadh éifeachtach teangacha: Sintéis ar thaighde*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Kavanagh, L. & Weir, S., & Moran, E. (2017). *The evaluation of DEIS: monitoring achievement and attitudes among urban primary school pupils from 2007 to 2016*, Dublin: Educational Research Centre.

Kavanagh, L. & Weir, S. (2018). *The evaluation of DEIS: the lives and learning of urban primary school pupils, 2007-2016*, Dublin: Educational Research Centre.

Meyer, A., Rose, D.H., & Gordon, D. (2014). *Universal design for learning: Theory and practice* (Wakefield MA: CAST).

Muñoz, C., & Singleton, D. (2011). 'A critical review of age-related research on L2 ultimate attainment', *Language Teaching*, 44(1), 1-35. doi:10.1017/S0261444810000327

Ó Ceallaigh, T.J. (2013). *Teagasc foirm-dhírithé i gcomhthéacs an tumoideachais lán-Ghaeilge: Scagadh ar pheirspictíochtaí agus ar chleachtais múinteoirí*. Coláiste na hOllscoile, Corcaigh: Tráchtas PhD. Ar fáil ag: [Buntáistí an dátheangachais](#)

Ó Duibhir, P. & Cummins, J. (2012). *Towards an integrated language curriculum in early childhood and primary education (3-12 years)*. Ar fáil ag: https://www.ncca.ie/media/2467/towards_an_integrated_language_curriculum_in_early_childhood_and_primary_education.pdf

Ó Laoire, Muiris. (2013). *Tuarascáil ar an Díolúine i leith na Gaeilge mar ábhar iar-bhunscoile* (Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge).

Schultz, M. & Fisher, A. (1988). *Interacting in the language classroom. Games for all reasons*. (Massachusetts: Addison-Wesley Publishing Company).

Sparks, R. L. (2009). 'If You Don't Know Where You're Going, You'll Wind up Somewhere Else: The Case of "Foreign Language Learning Disability"' *Foreign Language Annals* 42(1), 7-26.

Sparks, R. L. (2016). 'Myths about foreign language learning and learning disabilities', *Foreign Language Annals*, 49(2), 252-270. doi:<http://dx.doi.org/10.1111/flan.12196>

Sparks, R. L., & Ganschow, L. (2007). 'Is the Foreign Language Classroom Anxiety Scale measuring anxiety or language skills?' *Foreign Language Annals*, 40(2), 260-287. doi:10.1111/j.1944-9720.2007.tb03201.x

Svalberg, A. M. L. (2016). 'Language awareness research: where we are now?' *Language Awareness*, 25:1-2, 4-16, doi: [10.1080/09658416.2015.1122027](https://doi.org/10.1080/09658416.2015.1122027)

Tynan, F. (2018). 'Exemptions from Irish: An inclusion dilemma', *REACH: Journal of Special Needs Education in Ireland*, 31 (1): 89-102.

Winter, E. & O'Raw, P. (2010). 'Literature review on the principles and practices relating to inclusive education for children with special educational needs'. Meath: NCSE. Ar fáil ag: http://www.ncse.ie/uploads/1/Inclusion_22_11_10.pdf

Wight, M. C. S. (2015). 'Students with learning disabilities in the foreign language learning environment and the practice of exemption', *Foreign Language Annals* 48(1): 39-55.

Wright, A., Betteridge, D., & Buckby, M. (2006). *Games for language learning* (3rd ed.). (London: Cambridge University Press).